



2024/1727

21.6.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1727 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Meitheamh 2024

lena dtarraingítear siar ón margadh breiseáin bheathaithe áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 10(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdará breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Go sonrach, le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear d'athmheastóireacht ar bhreiseáin a údaraíodh de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Le hAirteagal 10(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, forchuirtear oibleagáid ar an gCoimisiún Rialachán a ghlacadh lena gceanglaítear go dtarraingeofaí siar ón margadh breiseáin bheathaithe nár cuireadh iarratais isteach ina leith mar a cheanglaítear le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 roimh an spriocdháta dá bhforáiltear san fhoráil sin. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart Rialachán a ghlacadh a bhainfeadh le breiseáin bheathaithe ar cuireadh iarratas isteach ina leith ach ar tarraingíodh siar ina dhiaidh sin é.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart na breiseáin bheathaithe mar a liostaítear iad san Iarscríbhinn a tharraingt siar ón margadh.
- (4) I gcás breiseáin bheathaithe ar cuireadh iarratais isteach ina leith le haghaidh speicis áirithe nó catagóirí ainmhíocha áirithe agus le haghaidh na speiceas nó na gcatagóirí sin amháin, nó i gcás breiseáin bheathaithe ar tarraingíodh siar iarratais ina leith le haghaidh speicis áirithe nó catagóirí ainmhíocha áirithe agus le haghaidh na speiceas nó na gcatagóirí sin amháin, níor cheart go mbainfeadh an tarraingt siar ón margadh ach leis na speicis ainmhíocha agus na catagóirí ainmhíocha nár cuireadh iarratas isteach ina leith nó ar tarraingíodh an t-iarratas siar ina leith.
- (5) Is iomchuí idirthréimhse a cheadú ina bhféadfaí na stoic atá ann cheana de na breiseáin lena mbaineann, na réamh-mheascáin, an bheatha chumaisc agus na hábhair bheatha arna dtáirgeadh leis na breiseáin sin a ídiú i ndáil leis na speicis ainmhíocha agus na catagóirí ainmhíocha a gceanglaítear an tarraingt siar ón margadh ina leith, ionas go mbeidh páirtithe leasmhara in ann oiriúnú don oibleagáid na táirgí sin a tharraingt siar ón margadh.
- (6) Maidir le tarraingt siar na dtáirgí ón margadh a liostaítear san Iarscríbhinn, ní chiallaíonn sin nach gcuirfear cosc ar a n-údarú ná nach mbeidh siad faoi réir birt maidir lena stádas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/2021-03-27>.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/2003-03-31>.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tarraingt siar ón margadh

Na breiseáin bheathaithe a shonraítear san Iarscríbhinn, mar a údaraítear iad de bhun Threoir 70/524/CEE, tarraingeofar siar ón margadh iad i ndáil leis na speicis agus na catagóirí ainmhíocha a luaitear san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. Maidir leis na stoic de na breiseáin bheathaithe atá ann cheana dá dtagraítear in Airteagal 1, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí an 11 Iúil 2025.
2. Maidir leis na réamh-mheascáin arna dtáirgeadh leis na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí an 11 Deireadh Fómhair 2025.
3. Maidir le beatha chumaisc agus ábhair bheatha arna dtáirgeadh leis na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1 nó leis na réamh-mheascáin dá dtagraítear i mír 2, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí an 11 Iúil 2026.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Breiseáin bheathaithe atá le tarraingt siar ón margadh, dá dtagraítear in Airteagal 1

CUID 1

Breiseáin bheathaithe atá le tarraingt siar ón margadh le haghaidh gach speicis agus catagóire ainmhíche

Uimhir aitheantais	Breiseán	An speiceas nó an chatagóir ainmhíche
Substaintí blaistithe agus substaintí blasta		
Táirgí nádúrtha – sainithe ó thaobh na luibheolaíochta de		
	<i>Citrus sinensis</i> (L.) Osbeck = <i>Citrus sinensis</i> (L.) Pers. = <i>Citrus aurantium</i> L. var. <i>dulcis</i> : Ola oráiste thiubhaithe CAS 8028-48-6 FEMA 2822, seachas na foirmeacha seo a leanas ⁽¹⁾ : — codán do-ghalaithe 10,5 %, cion d-Líomainéin 89-96 % sa chodán so-ghalaithe agus cion pirileaildéid < 0,3 % sa chodán so-ghalaithe mar shaintréithe aici [2b143-f-i]; — codán do-ghalaithe 20,9 %, cion d-Líomainéin 79-89 % sa chodán so-ghalaithe agus cion pirileaildéid < 0,6 % sa chodán so-ghalaithe mar shaintréithe aici [2b143-f-i]; — codán do-ghalaithe 18 %, cion d-Líomainéin 85-95 % sa chodán so-ghalaithe agus neamhláithreachd pirileaildéid sa chodán so-ghalaithe mar shaintréithe aici[2b143-f-ii].	Gach speiceas
	<i>Echinacea angustifolia</i> DC.: Tintiúr <i>echinacea</i> Blacksamson	Gach speiceas
	<i>Hypericum perforatum</i> L.: Tintiúr lus na Maighdine Muire CoE 234	Gach speiceas
	<i>Linum usitatissimum</i> L.: Tintiúr rois lín CoE 263	Gach speiceas
	<i>Thymus mastichina</i> L.: Ola as oragán cumhra Spáinneach CAS 8016-33-9 EINECS 284-294-8	Gach speiceas

CUID 2

Breiseáin bheathaithe atá le tarraingt siar ón margadh le haghaidh speicis agus catagóirí ainmhíocha áirithe

Uimhir aitheantais	Breiseán	An speiceas nó an chatagóir ainmhíche
Leasaithe		
E 270	Aigéad lachtach	Athchogantaigh a bhfuil cogansach neamhfheidhmiúil acu

⁽¹⁾ Údaráíodh trí fhoirm d'ola oráiste thiubhaithe [2b143-f, 2b143-f-i agus 2b143-f-ii] le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421 an 22 Lúnasa 2022 ón gCoimisiún maidir le húdarú bláthola oráiste fhuarbhruíte, bláthola oráiste dhriogtha agus olaí oráiste tiubhaithe as *Citrus sinensis* (L.) Osbeck mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe (IO L 218, 23.8.2022, lch. 27), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1421/oj.

E 295	Formáit amóiniam	Béaróga, cránacha, athchogantaigh dhéiríochta, peataí agus ainmhithe nach bia-ainmhithe iad
E 327	Lachtáit chailciam	Athchogantaigh a bhfuil cogansach neamhfheidhmiúil acu

Datháin, lena n-áirítear líocha

Datháin eile

E 127	Eiritrisín [feidhmghrúpa 2 a (i)]	Éisc ornáideacha agus reptílí
-------	--------------------------------------	-------------------------------

Substaintí blaitithe agus substaintí blasta

Táirgí nádúrtha – sainithe ó thaobh na luibheolaíochta de

	<i>Anethum graveolens</i> L.: Bláthola luibh lusa mhín CAS 8006-75-5 FEMA 2383 CoE 42 EINECS 289-790-8	Gach speiceas ainmhíoch seachas madraí agus cait
	<i>Angelica sinensis</i> (Oliv.) Diels: Tintiúr <i>dong quai</i>	Gach speiceas ainmhíoch seachas capaill, madraí agus cait
	<i>Boswellia serrata</i> Roxb. ex Colebr.: Eastóscán <i>olibanum</i>	Gach speiceas ainmhíoch seachas capaill agus madraí
	<i>Citrus aurantiifolia</i> (Christm.) Swingle: Bláthola líoma driogtha	Madraí, cait, éisc ornáideacha agus éin ornáideacha
	<i>Citrus aurantium</i> L.: Bláthola <i>petitgrain bigarade</i> CAS 8014- 17-3 EINECS 283-881-6 FEMA 2855 CoE 136	Gach speiceas ainmhíoch seachas sicíní lena ramhrú, béaróga, turcaithe lena ramhrú, muca lena ramhrú, bainbh, cránacha atá ag tál, laonna, ba déiríochta, eallaí lena ramhrú, caoirigh/gabhair, capaill, coiníní, salmainidí, madraí, cait agus éisc ornáideacha
	<i>Citrus x aurantium</i> L.: Eastóscán as oráistí Sevilla	Madraí, cait, éisc ornáideacha agus éin ornáideacha
	<i>Citrus limon</i> (L.) Osbeck: Bláthola líomóide fhuarbhruíte	Madraí, cait, éisc ornáideacha agus éin ornáideacha

	<i>Citrus limon</i> (L.) Osbeck: Codán iarmharach d'ola líomóide fhuarbhruíte, é driogtha	Madraí, cait, éisc ornáideacha agus éin ornáideacha
	<i>Citrus reticulata</i> Blanco.: Bláthola oráiste mandairín fhuarbhruíte	Madraí, cait, éisc ornáideacha agus éin ornáideacha
	<i>Citrus sinensis</i> (L.) Osbeck = <i>Citrus sinensis</i> (L.) Pers. = <i>Citrus aurantium</i> L. var. <i>dulcis</i> : Bláthola oráiste dhriogtha	Madraí, cait, éisc ornáideacha agus éin ornáideacha
	<i>Citrus sinensis</i> (L.) Osbeck = <i>Citrus sinensis</i> (L.) Pers. = <i>Citrus aurantium</i> L. var. <i>dulcis</i> : Bláthola oráiste fhuarbhruíte	Madraí, cait, éisc ornáideacha agus éin ornáideacha
	<i>Citrus sinensis</i> (L.) Osbeck = <i>Citrus sinensis</i> (L.) Pers. = <i>Citrus aurantium</i> L. var. <i>dulcis</i>: Ola oráiste thiubhaithe CAS 8028-48-6 FEMA 2822, sna foirmeacha seo a leanas a údaraíodh le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe ⁽²⁾: — codán do-ghalaithe 10,5 %, cion d-Líomainéin 89-96 % sa chodán so-ghalaithe agus cion pirileaildéid < 0,3 % sa chodán so-ghalaithe mar shaintréithe aici; — codán do-ghalaithe 20,9 %, cion d-Líomainéin 79-89 % sa chodán so-ghalaithe agus cion pirileaildéid < 0,6 % sa chodán so-ghalaithe mar shaintréithe aici; — codán do-ghalaithe 18 %, cion d-Líomainéin 85-95 % sa chodán so-ghalaithe agus neamhláithreacht pirileaildéid sa chodán so-ghalaithe mar shaintréithe aici.	— Madraí, cait, éisc ornáideacha agus éin ornáideacha — Madraí, cait, éisc ornáideacha agus éin ornáideacha — Capaill, coiníní, madraí, cait, éisc ornáideacha agus éin ornáideacha
	<i>Curcuma longa</i> L.: Tintiúr tuirmirice	Gach speiceas ainmhíoch seachas capaill agus madraí
	<i>Eleutherococcus senticosus</i> (Rupr. et Maxim.) Maxim.: Tintiúr fréamh taiga	Gach speiceas ainmhíoch seachas capaill, madraí agus cait
	<i>Ferula assa-foetida</i> L.: Ola <i>assafoetida</i> CAS 9000-04-8 FEMA 2108 CoE 196	Gach speiceas ainmhíoch seachas madraí agus cait

⁽²⁾ Údaraíodh trí fhoirm d'ola oráiste thiubhaithe [2b143-f, 2b143-f-i agus 2b143-f-ii] le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421.

	<i>Litsea cubeba</i> (Lour.) Pers.: Bláthola caoire <i>Litsea</i> CAS 68855- 99-2 EINECS 290-018-7 FEMA 3846 CoE 491	Gach speiceas ainmhíoch seachas sicíní lena ramhrú, béaróga, turcaithe lena ramhrú, muca lena ramhrú, bainbh, cránacha atá ag tál, laonna, ba déiríochta, eallaí lena ramhrú, caoirigh/gabhair, capaill, coiníní, salmainidí, madraí, cait agus éisc ornáideacha
	<i>Panax ginseng</i> C. A. Mey.: Tintiúr ginsinge CoE 318	Gach speiceas ainmhíoch seachas capaill, madraí agus cait
	<i>Piper nigrum</i> L.: Eastóscán forchriticiúil piobair dhuibh	Gach speiceas ainmhíoch seachas madraí agus cait
	<i>Schisandra chinensis</i> (Turcz.) Baill: Tintiúr <i>omicha</i>	Gach speiceas ainmhíoch seachas capaill, madraí, cait, éanlaith chlóis agus éin ghéim
	<i>Zingiber officinale</i> Roscoe: Oiléaroisín sinséir CoE 489	Gach speiceas ainmhíoch seachas sicíní lena ramhrú, béaróga, turcaithe lena ramhrú, bainbh, muca lena ramhrú, cránacha, ba déiríochta, laonna feola (bainne púdrach), eallaí lena ramhrú, caoirigh agus gabhair, capaill, coiníní, éisc agus peataí
	<i>Zingiber officinale</i> Roscoe: Tintiúr sinséir	Gach speiceas ainmhíoch seachas capaill agus madraí
Táirgí nádúrtha agus táirgí sintéiseacha comhfhreagracha		
	Uimh. CAS 106-24-1 / Geréiniól / Uimh. Flavis 02.012	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 104-54-1/Alcól cionnaimile / Uimh. Flavis 02.017	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 4602-84-0 / 3,7,11-Trímheitildóideaca-2,6,10-trí-éin-1-ól / Uimh. Flavis 02.029	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 122-97-4 / 3-Feiniolprópán-1-ól / Uimh. Flavis 02.031	Ainmhithe muirí

	Uimh. CAS 106-25-2 / (Z)-Nearól / Uimh. Flavis 02.058	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 5392-40-5 / Ciotral / Uimh. Flavis 05.020	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 93-53-8 / 2-Feiniolprópánal / Uimh. Flavis 05.038	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 103-95-7 / 3-(p-Cúiméinil)-2-meitiolpróipianaildéad / Uimh. Flavis 05.045	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 101-39-3 / Alfa-Meitiolcinnamaildéad / Uimh. Flavis 05.050	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 104-53-0 / 3-Feiniolprópánal / Uimh. Flavis 05.080	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 621-82-9 / Aigéad cionnaimile / Uimh. Flavis 08.022	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 105-87-3 / Aicéatáit gheirínile / Uimh. Flavis 09.011	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 103-54-8 / Aicéatáit chionnaimile / Uimh. Flavis 09.018	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 106-29-6 / Bútaráit gheirínile / Uimh. Flavis 09.048	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 103-61-7 / Bútaráit chionnaimile / Uimh. Flavis 09.053	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 105-86-2 / Formáit gheirínile / Uimh. Flavis 09.076	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 105-90-8 / Próipianáit gheirínile / Uimh. Flavis 09.128	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 105-91-9 / Próipianáit neirile / Uimh. Flavis 09.169	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 2142-94-1 / Formáit neirile / Uimh. Flavis 09.212	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 141-12-8 / Aicéatáit neirile / Uimh. Flavis 09.213	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 2345-24-6 / Iseabútaráit neirile / Uimh. Flavis 09.424	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 103-58-2 / Iseabútaráit 3-feinilpróipile / Uimh. Flavis 09.428	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 2345-26-8 / Iseabútaráit gheirínile / Uimh. Flavis 09.431	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 140-27-2 / Iseavailéaráit chionnaimile / Uimh. Flavis 09.459	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 103-59-3 / Iseabútaráit chionnaimile / Uimh. Flavis 09.470	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 1191-16-9 / Aicéatáit phreinile / Uimh. Flavis 09.692	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 103-36-6 / Cionnamáit eitile / Uimh. Flavis 09.730	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 103-26-4 / Cionnamáit mheitile / Uimh. Flavis 09.740	Ainmhithe muirí
	Uimh. CAS 7779-65-9 / Cionnamáit isipeintile / Uimh. Flavis 09.742	Ainmhithe muirí
Substaintí saorga		
E 954(iii)	Siúicrín sóidiam	Bainbh